— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Measúnú mícheart ar an dóchúlacht go mbeadh mearbhall ann.

---

**Caingean arna tabhairt an 3 Feabhra 2023 – Häcker Küchen v EUIPO – Moura & Moura (MH Cuisines)**

**(Cás T-42/23)**

(2023/C 104/61)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Häcker Küchen GmbH & Co. KG (Rödinghausen, an Ghearmáin) (Ionadaithe: F. Dehn, L. Maritzen, C. Krafft agus K. Blükle, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Moura & Moura Fabricação e Comercialização de Mobiliário Lda (Sanfins de Ferreira, an Phortaingéil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Iarratasóir an trádmhairc faoi cheist:* Iarratasóir

*Trádmharc atá faoi cheist:* Clárú an mhairc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "MH Cuisines" – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 233 301

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí freasúra

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 24 Samhain 2022 i gCás R 1078/2022-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní agus diúltú do chur i gcoinne an chosantóra;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc, lena n-áirítear na costais sna himeachtaí achomhairc roimhe seo.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(c) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Feabhra 2023 – W.B. Studio v EUIPO – E.Land Italy (BELFE)**

**(Cás T-50/23)**

(2023/C 104/62)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* W.B. Studio Sas di Wivian Bodini & C. (Milano, an Iodáil) (ionadaithe: V. Piccarreta agus G. Romanelli, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* E.Land Italy Srl (Milano, an Iodáil)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “BELFE” – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 139 501

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí cealaithe

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 30 Samhain 2022 i gCás R 869/2021-1

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— An cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní go páirteach sa mhéid gur sheas sé le cinneadh an Rannáin Cúlghairme agus, dá dheasca sin, cúlghairm an trádmhairc lena mbaineann a dhearbhú;

— A ordú don chosantóir costais na n-imeachtaí seo a íoc, lena n-áirítear na costais a eascraíonn as na himeachtaí os comhair an Rannáin Cúlghairme agus an Chéad Bhoird Achomhairc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 58(1)(a) i gcomhar le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 19 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún.

---

**Caingean arna tabhairt an 7 Feabhra 2023 – OSR Enterprises v EUIPO – Möckel agus Gramann (evolver)**

**(Cás T-51/23)**

(2023/C 104/63)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* OSR Enterprises AG (Cham, an Eilvéis) (Ionadaí: U. Lüken, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Mathias Möckel (Chemnitz, an Ghearmáin), Torsten Gramann (Chemnitz)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtithe eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh “evolver” – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 3 313 335

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid:* Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 29 Samhain 2022 i gCás R 1302/2021-5